Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN TEASTAS SÓISEARACH 2010

# SCÉIM MHARCÁLA

# GAEILGE

# GNÁTHLEIBHÉAL

# TREORACHA GINEARÁLTA

1. Le linn na marcála ní mór chloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

2. Ní mór don Scrúdaitheoir an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

3. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

4. Ní ceart don Scrúdaitheoir aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

5. Dírítear aird an Scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar **leathanach 5** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta ceadaithe dóibh.

**CLUASTUISCINT** **(40 marc)**

**N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** nuair nach gá sin.

**Treoracha**

1. Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal / na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra**.**

2. Maidir le ceisteanna a bhfuil pictiúr nó litir le roghnú mar fhreagra orthu ní féidir ach pictiúr nó litir amháin a roghnú i ngach cás.

3. Glac le tic in aice nó ciorcal timpeall na litreach sna ceisteanna a bhfuil sé sin i gceist iontu má tá an litir cheart roghnaithe.

| ROINN I | AN TRIAIL CHLUASTUISCEANA | 40 MARC |
|---|---|---|

**N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh as Gaeilge ach **amháin** sna cásanna nach bhfuil gá leis.

Tá **ceithre cheist déag** san áireamh anseo.

**Cuid A (16 mharc)**

Sé mhír eolais á lorg, trí mharc an ceann ar cheithre cinn agus dhá mharc an ceann ar dhá cheann.

**3 + 3 + 2 mharc x 2 = 16 mharc.**

**Cuid B (12 mharc)**

4 mhír eolais á lorg, trí mharc an ceann.

**3 mharc x 4 = 12 mharc.**

**Cuid C (12 mharc)**

4 mhír eolais, trí mharc an ceann.

**3 mharc x 4 = 12 mharc.**

| ROINN II | LÉAMHTHUISNT | 120 marc |
|---|---|---|

**C.1** **30 marc (3 mharc x 10 = 30)**

**C.2** **30 marc**. Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c)

**(a) Fógra:** 15 mharc (5 mharc x 3 = 15 mharc).

**(b) Fógra:** 15 mharc (5 mharc x 3 = 15 mharc).

**(c ) Fógra:** 15 mharc (5 mharc x 3 = 15 mharc).

**C.3** **60 marc** Freagair (a) **agus** (b)

**(a) Giota Leanúnach:** 30 marc (6 mharc x 5 = 30 marc).

**(b) Giota Leanúnach:** 30 marc (6 mharc x 5 = 30 marc).

| ROINN III | CEAPADÓIREACHT | 80 marc |
|---|---|---|

**N.B. I Roinn III, Ceapadóireacht,** bíodh coibhneas idir an marc a bhronntar ar **'Eolas'** agus an marc a bhronntar ar **'Gaeilge'**

**Eolas:** Comhlíonadh na dtascannna atá luaite.

**Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide.

**Ceist. 4 Cárta Poist 20 marc**

**Eolas:** 5 mharc (1 mharc x 5 = 5 mharc).
**Gaeilge:** 15 mharc (Blocmharcáil).

- Ní gá síniú ná beannú a bheith ann. '0'(náid) ar eolas → '0'(náid) ar Ghaeilge.
- Bronn marcanna eolais ar phointí loma.

**Ceist 5 Teachtaireacht Ríomhphoist 20 marc**

**Eolas:** 4 mharc (1 mharc x 4 = 4 mharc)
**Gaeilge:** 16 mharc (Blocmharcáil)

**Ceist 6 40 marc** Freagair (a) ***nó*** (b)

**(a) Litir**

**Foirmlí:** 4 mharc [Seoladh = 1+ Dátaí =1 +Beannú = 1 + Síniú Scoir = 1].
**Eolas:** 8 marc (4 mharc x 2 = 8 marc).
**Gaeilge:** 28 marc (blocmharcáil).

**(b) Alt/Cuntas**

**Eolas:** 10 marc (2 mharc x 5 = mharc).
**Gaeilge:** 30 marc (blocmharcáil).

- **Eolas:** '0'(náid) ar eolas →'0'(náid) ar Ghaeilge.
- **Pointe eolais** as gach bosca (sraith phictiúr) 1- 4 agus an cúigiú pointe as bosca ar bith.

# Oiriúntas Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an Scéim Mharcála le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh agus a bhfuil réiltíní in aice lena scrúduimhreacha ar na Leatháin Mharcála.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

**1)** Iarrthóirí a bhfuil cealú ceadaithe dóibh maidir le litriú agus gramadach. Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.

**2)** Iarrthóirí a **d'úsáid**:

- scríobhaí
- téipthaifeadán
- próiseálaí focal nó ríomhaire.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.

Cuirtear scéim mhodhnaithei bhfeidhm maidir le litriú agus cruinneas gramadaí sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu. i.e. Roinn III Ceapadóireacht: C.4, C.5, agus C.6. Ní chuirtear aon phionós ar 'drochlitriú' ná 'ar easpa cruinnis sa ghramadach' i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Cluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhthuiscint.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil oiriúntais réasúnta faofa dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a mharcáil sa ghnáthshlí d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 4, 5 agus 6 agus tugtar luacháil chéimithe don iarrthóir ansin. Féach thíos.

Ní mór an scéim mhodhnaithe seo a thaispeáint ar an bhfreagarleabhar, taobh istigh agus ar an gclúdach taobh amuigh.

**Luacháil chéimithe** don iarrthóir a bhfuil **Oiriúntas Réasúnta** faofa dó/di:

**Ceist 4**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo ar Ghaeilge 1 – 5 | + 0 mharc |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo ar Ghaeilge 6 – 10 | + 1 mharc |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo ar Ghaeilge 11 – 13 | + 2 mharc |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo ar Ghaeilge 14/15 | →15mharc |

**Ceist 5**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo ar Ghaeilge 1 – 5 | + 0 mharc |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo ar Ghaeilge 6 – 10 | + 1 mharc |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo ar Ghaeilge 11 – 14 | + 2 mharc |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo ar Ghaeilge 15/16 | →16mharc |

**Ceist 6 (a) Litir**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo ar Ghaeilge 1 – 5 | + 0 mharc |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo ar Ghaeilge 6 – 10 | + 1 mharc |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo ar Ghaeilge 11 – 15 | + 2 mharc |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo ar Ghaeilge 16 – 20 | + 3 mharc |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo ar Ghaeilge 21– 24 | + 4 mharc |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo ar Ghaeilge 25/26/27/28 | →28 marc |

**Ceist 6 (b) Alt/Cuntas**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo ar Ghaeilge 1 – 5 | + 0 mharc |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo ar Ghaeilge 6 – 10 | + 1 mharc |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo ar Ghaeilge 11 – 15 | + 2 mharc |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo ar Ghaeilge 16 – 20 | + 3 mharc |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo ar Ghaeilge 21– 26 | + 4 mharc |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo ar Ghaeilge 27/28/29/30 | →30 marc |

SCRÚDUIMHIR ☞ | Iomlán Na Marcanna |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010

## GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL

**(240 marc)**

**DÉARDAOIN, 10 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 11.30**

**STAMPA AN IONAID**

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| **1**. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | **200** |
| **Nóta**: ☞ Ní mór don mharc ag **1** thuas a bheith mar an gcéanna leis an **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis. | |

**ROINN I - CLUASTUISCINT**

| | *CUID A* | | *CUID B* | | *CUID C* | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ***Ceist*** | ***1*** | ***2*** | ***1*** | ***2*** | ***1*** | ***2*** |
| ***Marc*** | ***8*** | ***8*** | ***6*** | ***6*** | ***6*** | ***6*** |

☞

| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| **ROINN** | **CEIST** | **MARC** |
| **II** | **1** | **30** |
| | **2** | **30** |
| | **3** | **60** |
| **III** | **4** | **20** |
| | **5** | **20** |
| | **6** | **40** |
| **IOMLÁN** | | **200** |
| **CLUASTUISCINT** | | **40** |
| **MÓRIOMLÁN** | | **240** |
| **GRÁD** | | **A** |

**ROINN I – CLUASTUISCINT** **(40 marc)**

**N. B. Bíodh na freagraí i nGaeilge ach amháin nuair nach gá sin.**

## CUID A

Cloisfidh tú giota cainte ó bheirt daoine óga sa chuid seo. Cloisfidh tú gach giota díobh **faoi dhó**.
Éist go cúramach leo agus líon isteach an t-eolas atá á lorg sna greillí ag **1** agus **2** thíos.

**1.** **An Chéad Chainteoir**

| | | |
|---|---|---|
| Ainm | Nuala Ní Fhlatharta | |
| Cad as do Nuala? | • Ros Muc, Conamara, Contae na Gaillimhe.<br>• Ros Muc. | **3** |
| Ainmnigh ábhar **amháin** a thaitníonn léi. | • Gaeilge agus Matamaitic.<br>• Gaeilge.<br>• Matamaitic. | **3** |
| Cén t-ábhar nach maith léi? | • Eacnamaíocht Bhaile. | **2** |

**2.** **An Dara Cainteoir**

| | | |
|---|---|---|
| Ainm | Aindréas Ó Colla | |
| Cár rugadh Aindréas? | • Rugadh Aindréas i bPáras.<br>• Páras. | **3** |
| Cén tslí bheatha atá ag a thuismitheoirí? | • Is múinteoirí ealaíne sa Phobalscoil áitiúil iad a thuismitheoirí.<br>• Múinteoirí ealaíne sa Phobalscoil áitiúil. | **3** |
| Cén aois a bhí sé nuair a tháinig sé go hÉirinn? | • Bhí sé seacht mbliana d'aois nuair a tháinig sé go hÉirinn.<br>• Seacht mbliana d'aois. | **2** |

## CUID B

Cloisfidh tú fógra agus píosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach ceann díobh **faoi dhó**.
Éist go cúramach leo. Beidh sos tar éis gach ceann a chloisfidh tú chun seans a thabhairt duit na ceisteanna a ghabhann le gach ceann acu a fhreagairt.

**1.** **Fógra**




(a)




(b)



(c)



(d)

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bhfógra seo? **B**

**(b)** Cé mhéad a chosnaíonn síntiús bliana?

(a) céad euro

(b) seasca euro

(c) daichead euro

(d) ochtó euro

**C**

**2.** **Píosa Nuachta**




(a)




(b)




(c)




(d)

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? **B**

**(b)** Cén duine a bheidh i láthair?

(a) Christy Moore

(b) Sharon Shannon

(c) Enya

(d) Eoin Duignan

**D**

## CUID C

Cloisfidh tú **dhá** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**.
Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina **dhá** mhír an dara huair.
Beidh sos tar éis gach míre díobh chun seans a thabhairt duit an cheist a bhaineann leis an mír sin a fhreagairt.

**1.** **Comhrá a hAon**

***An Chéad Mhír***




(a) (b) (c) (d)

**(a)** Cá mbeidh Brian agus Siún ag dul oíche amárach?

**C**

***An Dara Mír***

**(b)** Cén t-am a thosóidh an seó?

(a) a sé a chlog

(b) a seacht a chlog

(c) a hocht a chlog

(d) a naoi a chlog

**C**

**2.** **Comhrá a Dó**

***An Chéad Mhír***




(a) (b) (c) (d)

**(a)** Cá raibh Bríd agus Máire?

**B**

***An Dara Mír***

**(b)** Cé leis a rachaidh Bríd go dtí na *Debs?*

(a) léi féin

(b) le Jack

(c) le Liam

(d) lena deirfiúr

**B**

## ROINN II – LÉAMHTHUISCINT (120 marc)

**FREAGAIR GACH CEIST.**
**N.B.** Ní mór na freagraí ar na ceisteanna sa Roinn seo a scríobh sna spásanna cuí ar an gceistpháipéar seo.

**CEIST 1.** Meaitseáil na pictiúir agus na fógraí/comharthaí sna boscaí thíos agus scríobh na litreacha is fearr a fhreagraíonn do na huimhreacha, dar leat, sna spásanna cuí ar an ngreille. **(30 marc)**

1 **Seó Faisin Anocht**
Óstán na Mara
8 p.m. – 11 p.m.

2 **Rugbaí**
Éire v Sasana
Ticéid ar fáil

3 **Aire**
Tharla crith talún anseo

4 **Banna Ceoil na Scoile**
Halla na Scoile
Bí ann – Satharn 8 p.m.

5 **Comórtas Snámha**
Fáilte roimh chách
Linn snámha an bhaile

6 **TG4 – An Aimsir**
Beidh sé fliuch agus
stoirmiúil amárach


7 **Siopa Leabhar**
Leabhair nua agus athláimhe
ar fáil

8 **Idirlíon**
Suíomh nua do dhéagóirí

9 **Feoil den scoth**
ar díol anseo

10 **Taispeántas Bád**
Cumann Ríoga
Bhaile Átha Cliath
6 – 8 Samhain




























| Uimhir | Litir | Marc |
|---|---|---|
| 1 | **G** | **3** |
| 2 | **I** | **3** |
| 3 | **D** | **3** |
| 4 | **F** | **3** |
| 5 | **A** | **3** |
| 6 | **C** | **3** |
| 7 | **E** | **3** |
| 8 | **J** | **3** |
| 9 | **H** | **3** |
| 10 | **B** | **3** |

| Don Scrúdaitheoir<br>Iomlán reatha→ | **30** |
|---|---|

**CEIST 2.** Freagair do rogha **dhá** cheann de (a), (b), (c). **(30 marc)**

(a) Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

**Oscailte gach lá**



**Saothair ealaíne**

- Pictiúir ealaíne na hÉireann
- Pictiúir cháiliúla ealaíne na hEorpa
- Bailiúchán dealbhóireachta



**Imeachtaí do gach aois**

- Cúrsaí ealaíne
- Cainteanna agus ceardlanna

**Fáilte roimh chuairteoirí atá faoi mhíchumas**

*Ar fáil dóibh*

- Ardaitheoir chuig gach leibhéal
- Cathaoireacha rotha
- Áiseanna páirceála

**Turais phoiblí saor in aisce**

- Dé Sathairn: 3.00 p.m.

## Teagmháil

Fón: 6615133 nó r-phost: info@ngi.ie

(i) Cathain a bhíonn an Gailearaí Náisiúnta oscailte?
- **Bíonn Gailearaí Náisiúnta na hÉireann oscailte gach lá.**

(ii) Luaigh rud **amháin** a bhíonn ar siúl do gach aois.
Luaigh ceann amháin díobh seo a leanas:
- **Cúrsaí ealaíne, cainteanna agus ceardlanna.**

(iii) Ainmnigh rud **amháin** atá ar fáil do chuairteoirí atá faoi mhíchumas.
Luaigh ceann amháin díobh seo a leanas:
- **Ardaitheoir chuig gach leibhéal, cathaoireacha rotha agus áiseanna páirceála.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | **30** + **30** | = | **60** |

**(b) Léigh an fógra seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.** **(15 mharc)**

# BORD GÁIS – FÓGRA SÁBHÁILTEACHTA




*Má fhaigheann tú boladh gáis*



***Sa bhaile***

Seiceáil gach fearas gáis – cócaireán, tine

Oscail fuinneoga agus doirse

Cuir as na fearais gáis go léir

Múch an gás ag an méadar má bhíonn boladh gáis fós ann

**Ná hÚsáid**

Lasair gan chosaint

An fón in aice le gás atá ag éalú

Aon uirlis leictreach

**Teagmháil**

Bord Gáis – 1850 20 50 50

**Bí cúramach agus ar d'aire i gcónaí**

(i) Cad a osclaíonn tú má fhaigheann tú boladh gáis sa bhaile?
- **Oscail fuinneoga agus doirse.**
- **Fuinneoga agus doirse.**

(ii) Luaigh rud **amháin** nach n-úsáideann tú.
Luaigh ceann amháin díobh seo a leanas:
- **Lasair gan chosaint, an fón in aice le gás atá ag éalú, aon uirlis leictreach.**

(iii) Conas is féidir teagmháil a dhéanamh le Bord Gáis?
- **Teagmháil Bord Gáis – 1850 20 50 50.**

(c) Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# DEILF-FHAIRE

## Béal na Sionainne – Áit chónaithe na ndeilfeanna



Turas Báid



**Feicfidh tú**
- Deilfeanna áille
- Éanlaith mhara
- Rónta
- Gabhair fhiáine ar na haillte

**Cloisfidh tú**
- Fuaimeanna na ndeilfeanna
- Ceol na n-éan
- Glór na farraige

**Eolas faoin turas**

- Bád compordach, sábháilte
- Fad an turais – 2 uair an chloig
- Páistí – faoi bhun trí bliana €6
- Páistí 4 – 15 €12
- Daoine fásta €24

**Teagmháil**

Fón: 065 9058156 **nó** ag www.deilf-fhaire.ie

(i) Cá bhfuil áit chónaithe na ndeilfeanna?
- **Béal na Sionainne – áit chónaithe na ndeilfeanna.**

(ii) Luaigh **dhá** rud a fheicfidh tú.
Luaigh dhá cheann amháin díobh seo a leanas:
- **Feicfidh tú eilfeanna áille, éanlaith mara, rónta agus gabhair fhiáine ar na haillte**

(iii) Cad a chosnaíonn an turas báid do dhaoine fásta?
- **Cosnaíonn an turas báid do dhaoine fásta €24.**

**CEIST 3.** Freagair (a) *agus* (b) anseo. **(60 marc)**

(a) Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(30 marc)**

# Miley Cyrus/Hannah Montana

**1.** Tá eolas ag beagnach gach déagóir ar Miley Cyrus de bharr na sraithe teilifíse *Hannah Montana.* Rugadh í ar an 23 Samhain 1992 in Nashville, Tennessee.

**2.** Bhí áthas ar aos óg na tíre seo nuair a tháinig Miley Cyrus go Baile Átha Cliath i mí na Nollag. Bhí dhá cheolchoirm aici in O2 Bhaile Átha Cliath. Bhuail sí lena lucht leanúna nuair a chuaigh sí amach ag siopadóireacht. Labhair sí le Ryan Tubridy ar an *Late Late Show.*

**3.** Léirigh Miley Cyrus suim san aisteoireacht agus í an-óg. Thug a tuismitheoirí gach cabhair di. Thosaigh sí le rólanna beaga ach níorbh fhada gur bhain sí clú agus cáil amach leis an bpríomhról sa tsraith teilifíse *Hannah Montana* in 2006.

**4.** Sa tsraith teilifíse seo is gnáthdhéagóir í Miley Cyrus. Miley Stewart an t-ainm atá uirthi sa chlár. Ach ní mar a shíltear a bhítear. Tá saol eile ag Miley Stewart. Is popréalta domhanda í freisin faoin ainm Hannah Montana. Níl a fhios ag aon duine faoi seo ach a hathair, a deartháir agus cúpla cara.



**5**. Tá trí albam curtha amach ag Miley Cyrus, *Meet Miley Cyrus*, *Breakout* agus *The Time of Our Lives.* Agus tá ag éirí go hiontach le *Hannah Montana: The Movie* atá sna pictiúrlanna i láthair na huaire.

**6.** Níl Miley Cyrus ach seacht mbliana déag d'aois. Tá sí ina réalta teilifíse, ina réalta scannán agus ina popréalta.

(i) Cén fáth a bhfuil eolas ag beagnach gach duine ar Miley Cyrus? (**Alt 1**)
- **Tá eolas ag beagnach gach déagóir ar Miley Cyrus de bharr na sraithe teilifíse *Hannah* Montana.**

(ii) Cé mhéad ceolchoirm a bhí ag Miley Cyrus i mBaile Átha Cliath? (**Alt 2**)
- **Bhí dhá cheolchoirm aici in O2 Bhaile Átha Cliath.**

(iii) Conas a bhain Miley Cyrus clú agus cáil amach? (**Alt 3**)
- **Bhain sí clú agus cáil amach leis an bpríomhról sa tsraith teilifíse *Hannah Montana* in 2006.**

(iv) Cén saol eile atá ag Miley Stewart? (**Alt 4**)
- **Is popréalta domhanda í freisin faoin ainm Hannah Montana.**

(v) Cad is ainm don scannán ina bhfuil páirt ag Miley Cyrus? (**Alt 5**)
- **Hannah Montana: The Movie.**

| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | **60** + **60** | = | **120** |
|---|---|---|---|

(b) Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(30 marc)**


# JOHN BOYNE – ÚDAR CÁILIÚIL

**1.** 'Scríobh mé an leabhar in dhá lá go leith. Is ar éigean a chodail mé.' Sin a dúirt John Boyne faoina leabhar cáiliúil, *The Boy in the Striped Pyjamas.* Thosaigh sé ag scríobh maidin Dé Céadaoin agus bhí sé críochnaithe ag am lóin Dé hAoine!

**2.** Taitníonn an leabhar go mór le daoine óga agus le daoine fásta. Tá níos mó ná cúig mhilliún cóip den leabhar seo díolta cheana féin. Tá sé ar fáil ina lán teangacha eile freisin. Rinneadh scannán de a bhuaigh an-chuid gradam.

**3.** Chaith John Boyne seachtain san ospidéal nuair a bhí sé deich mbliana d'aois. Thug a mháthair *The Magician's Nephew* le C.S. Lewis dó le léamh. Sular fhág sé an t-ospidéal bhí na leabhair go léir faoi Narnia léite aige!






**4.** Bhíodh sé i gcónaí ag scríobh nuair a bhí sé óg. Theastaigh uaidh a bheith ina scríbhneoir. Is breá leis anois a bheith ag caint le páistí scoile faoin leabhar *The Boy in the Striped Pyjamas,* agus faoin léitheoireacht agus faoin scríbhneoireacht.

**5.** Rugadh John Boyne i mBaile Átha Cliath i 1971. Rinne sé staidéar ar litríocht an Bhéarla i gColáiste na Tríonóide. Foilsíodh a chéad úrscéal, *The Thief of Time,* sa bhliain 2000. Tá seacht n-úrscéal agus seachtó gearrscéal scríofa aige go dtí seo.

(i) Cá fhad a thóg sé ar John Boyne an leabhar *The Boy in the Striped Pyjamas* a scríobh? (**Alt 1**)
- **Scríobh sé an leabhar in dhá lá go leith.**
- **Thosaigh sé ag scríobh maidin Dé Céadaoin agus bhí sé críochnaithe ag am lóin Dé hAoine.**

(ii) Cé mhéad cóip den leabhar atá díolta? (**Alt 2**)
- **Tá níos mó ná cúig mhilliún cóip den leabhar seo díolta cheana féin.**

(iii) Cá fhad a chaith sé san ospidéal? (**Alt 3**)
- **Chaith John Boyne seachtain san ospidéal nuair a bhí sé deich mbliana d'aois.**

(iv) Cad a bhíodh á dhéanamh aige nuair a bhí sé óg? (**Alt 4**)
- **Bhíodh sé i gcónaí ag scríobh nuair a bhí sé óg.**

(v) Cad a rinne sé i gColáiste na Tríonóide? **(Alt 5)**
- **Rinne sé staidéar ar litríocht an Bhéarla i gColáiste na Tríonóide.**

## ROINN III – SCRÍOBH NA TEANGA (80 marc)

**FREAGAIR GACH CEIST.**

**N.B. I Roinn III , Ceapadóireacht,** bíodh coibhneas idir an marc a bhronntar ar **'Eolas'** agus an marc a bhronntar ar **'Gaeilge'.**

**CEIST 4.** **(20 marc)**

Tá tú ar laethanta saoire i dtír eile. Scríobh **cárta poist** chuig do thuismitheoirí.
Luaigh na pointí seo a leanas ar an gcárta:

**P1 rud amháin faoin turas go dtí an tír eile**
**P2 an aimsir**
**P3 rud amháin a thaitníonn leat faoin áit**
**P4 rud suimiúil a rinne tú**
**P5 cén lá a fhillfidh tú abhaile.**

**Eolas:** Comhlíonadh na dtascannna atá luaite.
**Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide.

**Eolas:** 5 mharc (1 mharc x 5 = 5 mharc)
**Gaeilge:** 15 mharc (Blocmharcáil)

- Ní gá síniú ná beannú a bheith ann.
- '0'(náid) ar eolas ➔ '0'(náid) ar Ghaeilge.
- Bronn marcanna eolais ar phointí loma.

N.B. Má tá sé soiléir go bhfuil an t-iarrthóir ar saoire in Éirinn, bain (-3 mharc) den mharc a bronnadh mar níl an tasc comhlíonta.

| Don Scrúdaitheoir<br>Iomlán reatha→ | 120 + 20 | = | 140 |
|---|---|---|---|

**CEIST 5.** **(20 marc)**

Is tusa Pól sna pictiúir thíos. Faigheann tú cuireadh chuig cóisir. Ba mhaith leat a rá le do thuismitheoirí cá bhfuil tú ag dul ach níl aon duine sa bhaile. Cuir teachtaireacht ríomhphoist chuig d'athair ag míniú an scéil dó.

Luaigh sa teachtaireacht ríomhphoist:

**P1 cár bhuail tú le do chairde (Pictiúr 1)**
**P2 cad a tharla ansin (Pictiúr 2)**
**P3 cá bhfuil sibh imithe agus cad atá ar siúl agaibh (Pictiúr 4).**

**Eolas:** Comhlíonadh na dtascannna atá luaite.
**Gaeilge**: Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide.

**Eolas:** 4 mharc (1 mharc x 4 = 4 mharc).
**Gaeilge:** 16 mharc (Blocmharcáil).

- '0'(náid) ar eolas ➔ '0'(náid) ar Ghaeilge.
- Bronn na marcanna eolais ar phointí loma.

N.B. Mura bhfuil an tasc comhlíonta: bain 3 mharc den mharc a bronnadh.

| Don Scrúdaitheoir Iomlán reatha→ | 140 + 20 | = | 160 |
|---|---|---|---|

**CEIST 6. Freagair (a) Litir *nó* (b) Alt/Cuntas anseo.** **(40 marc)**

(a) **Litir**

Bhí tusa ag ceolchoirm Oasis i mBaile Shláine anuraidh. Scríobh litir chuig do chara.
Sa **litir** luaigh na pointí seo:

**P1 conas a fuair tú na ticéid**
**P2 cé a bhí in éineacht leat ag an gceolchoirm**
**P3 an rud is mó a thaitin leat faoin gceolchoirm**
**P4 cad a rinne tú tar éis na ceolchoirme.**

**Foirmlí:** 4 mharc [Seoladh = 1+ Dátaí =1 +Beannú = 1 + Síníu Scoir = 1].
**Eolas:** 8 marc (2 mharc x 4 = 8 marc).
**Gaeilge:** 28 marc (blocmharcáil).

(b) **Alt/Cuntas**

**Eolas:** 10 marc (2 mharc x 5 = 10).
**Gaeilge:** 30 marc (blocmharcáil).

- **Eolas:** '0'(náid) ar eolas ➔'0'(náid) ar Ghaeilge.
- **Pointe eolais** as gach bosca ( sraith phictiúr) 1- 4 agus an cúigiú pointe as bosca ar bith.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | **160 + 40** | = | **200** |

**CLUASTUISCINT**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | **200 + 40** | = | **240** |